Turasóireacht Acla
Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo
Tel: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid C

Tosnaíonn an t-siúlóid ag an gcarr-chlós ag Trá Dumhach Achadh (1). Lean an cladach soir, ag siúl ar an mbruach os coinn na duirlinge. Lean ort ar feadh tuairim is 2.6km chomh fada le Céibh a' Phoirtín (2) Uaidh seo lean an cladach go Gob Uill-oileáin Bhig (3) agus chomh fada le Port na Loinge (4). Coinnigh ort i dtreo ne Trá Móire (5). Lean an trá ar feadh tuairim is 700m agus siúl i dtír ag na cláir eolais (6). Tá páirc charbháin (7) ar dheis agus áit sugartha do phaistí ar chlé (8). Lean ort ó thuaidh chomh fada leis an bpríomh-bhóthar (R319) agus iompaigh ar chlé. Iompaigh ar dheis tar éis Teach Ósta an Minaun View (9). Tá loch álainn Caol ar do dheasóg.

Coinnigh ort ar feadh 2.5km i dtreo na reilige. Tá tobar beannaithe Naomh Colmáin anseo agus sean-chrosanna naofa. Ó chúinne thiar na reilige lean an cosán tríd an Baile Tréigthe (10), sean-lonnaíocht reamh-Ghorta, a bhfuil níos mó ná seachtó teach ann. Coinnigh ort tríd an baile go dtí an ait a gcasann an cosán le bóthar gairbhéil. Lean direach ar aghaidh anseo chomh fada leis an bpríomh-bhóthar (R319). Tá Sliabh Chruachán (688m) le feiceáil ina seasamh i mbéal na pléisce siar uait. Iompaigh ar chlé ag an bpriomh-bhothar agus lean ort ar ais go dtí an áit ar thosaigh tú.



Turasóireacht Acla
Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo
Tel: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid C (p.2)

Pointí suimiúla:

(1) **Trá Dumhach Achadh**: Tháinig Don Allum, i dtír ar an gcladach anseo i mí Meán Fómhair 1987 ó Thalamh an Éisc. Ba é an chéad duine a thrasnaigh an t-Atlantach sa dá threo ag iomradh ina aonar i mbád iomartha.

(2) Thóg Bord na gCeantar Cung **céibh ag Poirtin**. Roimhe seo tharraingíodh na báid na liamháin gréine ó Tráigh Chaoim go dtí an chéibh anseo Déintí próiseáil orthu agus baintí an t-ola as an ae. Is áit mhór slatiascaireachta í sa lá atá inniú ann.

(3) Tá **Gob Uill-oileáin Bhig** i measc na naiteanna is fearr le haghaidh slatiascaireachet carraige san Eoraip. Is anseo a chaith an t-ealaíontóir Paul Henry a thicéad fillte isteach sa bhfarraige tar éis dó a intinn a dhéanamh suas go bhfanfadh sé in Acaill, áit ar fhan sé ar feadh ocht mbliana.

(4) **Port na Loinge**: San am a caitheadh thógadh báid bheaga iomartha na himircigh as seo chomh fada le long a bheadh ar ancaire sa chuan ar a bealach g Meiriceá. Tá duirling stoirme anseo.

(10) **An Baile Tréigthe** ag Sliabh Mór: Ní fios cén dáta ar tréigeadh an baile, nó cén fáth ar fhág siad ach b'féidir thart ar Aimsir an Ghorta nuair a d'aistrigh na daoine síos go dtí an chósta ag Dumhach Achadh. The cruth líneach ar an mbaile é féin. Tá cruth dronuilleogach ar na tithe, atá tógtha le cloch gan mhairtéal agus fuinneoga beaga orthu. Luí na cúplaí ar bhárr na mballaí agus bhí siad clúdaithe le scraitheacha. Críochnaiodh an obair le tuí seagail ceangailte le sugáin. Ní raibh ach seomra amháin i gcuid acu agus bhíodh na beithigh ceangailte i dtóin a' tí. Bhí líméar ins an urlár ag r go dtí an charn aoiligh taobh amuigh. Tá go leor sean-iomairí thart timpeall an bhaile. Tugann siad seo le fios gurb é an fata an príomh bhia a d'fhás siad.

Bhí an chóras rondála dá chleachtadh anseo. Bhí an talamh oscailte thart ar an mbaile roinnte idir muintir an bhaile, le haghaidh na barraí a chur. De bhrí go raibh sé oscailte b'éigean dóibh na h-ainmhithe a chur ar fasaíocht ar an sliabh sa tséasur fáis. Tháinig an ghabhaltas anuas ó ghlúin go glúin agus bhí siad roinnte agus roinnte arís le himeacht ama. Rinne cuid de na tiarnaí talún agus níos déanaí Bord na gCeantar Cung (ó 1892 ar aghaidh ath-dháiliú ar na gabháltais. Cheannaigh Coimisiún na Talún an talamh ina dhiaidh sin agus roinn siad idir na húinéirí é, go háirithe idir 1922 agus 1935. San áit a raibh an talamh bocht roinn siad an talamh ina stiallanna caola a raibh cinéalacha éagsúla ithreach ann. Tar éis don bhaile a bheith tréigthe baineadh úsáid as le haghaidh bualaíochta. Lean an nós seo go dtí na daicheadaí.

Ní mór a bheith aireach ar na hailt agus coinnigh isteach ón imeall. Moltar buataisí agus éadaí oiriúnacha a chaitheamh. Tá sé molta breis éadaí a thabhairt leat agus is féidir iad a athrú de réir mar a oireann. Tabhair éadaí uiscedhíonach leat. Moltar lón cothaitheach le haghaidh fuinneamh.